2026/46

9.1.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/46 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun an Rúis a chur le liosta na dtríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas sláine agus feidhmiú cuí a chórais airgeadais agus an mhargaidh inmheánaigh a chosaint go héifeachtach ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin, foráiltear le Treoir (AE) 2015/849 go ndéanfaidh an Coimisiún dlínsí tríú tíortha a shainaithint a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcóras um sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (SA/MSC), ar bagairtí móra iad ar chóras airgeadais an Aontais ('tríú tíortha ardriosca').

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún ([2]) sainaithnítear tríú tíortha ardriosca den sórt sin.

(3) I bhfianaise leibhéal ard an chomhtháthaithe sa chóras airgeadais idirnáisiúnta, an dlúthnaisc idir oibreoirí margaidh, an lín aird idirbheart trasteorann chuig an Aontas agus ón Aontas, mar aon le leibhéal oscailteachta an mhargaidh, is bagairt ar chóras airgeadais an Aontais freisin í aon bhagairt SA/MSC ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1393 ón gCoimisiún ([3]) aithnítear go bhféadfadh tríú tíortha nach sainaithnítear go poiblí mar thíortha atá faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht nó faireachán méadaithe ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) a bheith ina mbagairt fós ar shláine chóras airgeadais an Aontais, go háirithe i gcás ina gcuirtear ballraíocht na dtíortha sin in TFGA ar fionraí mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha ar na croíphrionsabail ar a bhfuil TFGA bunaithe. De bhun Airteagal 1a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 ón gCoimisiún ([4]), tá an Coimisiún leis an athbhreithniú ar na tríú tíortha sin a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2025, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a leasú dá réir.

(5) Cuireadh ballraíocht TFGA Chónaidhm na Rúise ('an Rúis') ar fionraí mar gheall ar a mórshárú ar chroíphrionsabail TFGA. Dá bhrí sin, tagann an Rúis faoi chritéir an mheasúnaithe de bhun Airteagal 1a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184. Ós rud é go bhféadfadh na laigí i gcóras SA/MSC na Rúise a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais, tá measúnú *prima facie* ar chóras SA/MSC na tíre curtha i gcrích ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus le húdaráis na mBallstát.

([1]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1675/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1393 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 chun clásal athbhreithniúcháin a thabhairt isteach (IO L, 2025/1393, 21.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1393/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun an Ailgéir, Angóla, an Chéinia, an Cósta Eabhair, Laos, an Liobáin, Monacó, an Namaib, Neipeal agus Veiniséala a chur le liosta na dtríú tíortha ardriosca a thug gealltanas polaitiúil ardleibhéil i scríbhinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus a bhfuil plean gníomhaíochta forbartha acu le TFGA, agus chun Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Barbadós, Giobráltar, Iamáice, na hOileáin Fhilipíneacha, Panama, an tSeineagáil agus Uganda a bhaint den liosta sin (IO L, 2025/1184, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1184/oj).

(6) Sa mheasúnú sainaithníodh roinnt easnaimh straitéiseacha, go háirithe maidir le dlíthe agus beartais na Rúise sa réimse a bhaineann le neamhspleáchas an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus lena cumas oibriú i gcomhar le contrapháirtithe i dtíortha eile, dlíthe agus beartais na Rúise i réimse na trédhearcachta maidir le húinéireacht thairbhiúil agus infhaighteacht agus cruinneas faisnéise, agus dlíthe agus beartais na Rúise sa réimse a bhaineann le rialachán SA/MSC maidir le cripteashócmhainní a chur i bhfeidhm. Fágann easnaimh den sórt sin go bhfuil an Margadh Aonair neamhchosanta ar rioscaí SA/MS ba cheart a mhaolú.

(7) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an Rúis le sainaithint mar thríú tír ardriosca agus gur cheart í a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675. Ós rud é nach n-oireann an Rúis d'aon cheann de chatagóirí na dtríú tíortha ardriosca a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, ba cheart catagóir nua a chur leis an Iarscríbhinn sin le haghaidh tríú tíortha ardriosca nach sainaithnítear a bheith faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht ná faireachán méadaithe ó TFGA, ach a bhfuil a mballraíocht sa bhunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta sin ar fionraí.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear pointe IV seo a leanas isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675:

'IV. Tríú tíortha ardriosca nach sainaithnítear a bheith faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht ná faireachán méadaithe ó TFGA, ach a bhfuil a mballraíocht sa bhunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta sin ar fionraí

Uimh.	Tríú tír ardriosca
1	Cónaidhm na Rúise'